



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraíom agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta

Nollaig 2024

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
CÚLRA AGUS COMHTHÉACS	2
Achoimre ar an gCuid seo	6
MATAMAITIC SA CHURACLAM	7
Matamaitic sa tsraith shóisearach.....	7
Matamaitic sa tsraith shinsearach.....	7
An Ardteistiméireacht Bhunaithe	8
An Idirbhliain.....	9
An Mhatamaitic i bhFócas	9
Rannpháirtíocht an scoláire	9
Measúnú don teistiúchán.....	10
Léargas ó thuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora.....	10
Léargas ó Thuarascáil an Phríomhchigire.....	11
Achoimre ar an gCuid seo	12
LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA	13
Achoimre ar an gCuid seo	16
TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS MATAMAITICE	17
Matamaitic i Scrúdú Diplóma Meánoideachais Hong Cong (HKDSE)	17
Matamaitic Chlár Diplóma an Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI).....	18
An Nua-Shéalainn	20
Singepór.....	21
Achoimre ar an gCuid seo	22
CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU	23
Leanúnachas agus dul chun cinn iomchuí.....	23

Nádúr na matamaitice a shonraítear ag gach leibhéal	23
Nádúr an mheasúnaithe agus an chaoi a mbeadh sé comhtháthaithe leis an teagasc agus foghlaim	23
An teicneolaíocht dhigiteach agus ról TF	24
Ailíniú beartais	24
Achoimre ar an gCuid seo	25
TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR AN MATAMAITIC	26
TAGAIRTÍ	28
AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 3.32	

Réamhrá

Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fíis i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in [Cothromas agus Sármhaitheas do Chách](#) (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Áirítear an athfhorbairt ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta i dTráinse 3, a thabharfar chun críche in 2026 lena thabhairt isteach sna scoileanna i mí Mheán Fómhair 2027.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo don athfhorbairt agus rinne tuairimí na múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chuirteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra na Matamaitice, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar an oideachas a bhaineann le Matamaitic laistigh de churaclam na hÉireann, sula ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta. Tugtar forléargas i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas le linn na gcuairteanna scoile a rinneadh agus trí fíorthaithí scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbheathnú i láthair ar cheithre dháinse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a saináithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt churaclam Matamaitice na hArdteistiméireachta roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí suntasacha san oideachas matamaitice, sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartas níos leithne, ar ceisteanna tábhachtacha comhthéacsúla iad le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt Mhatamaitic na hArdteistiméireachta.

Tugadh [Siollabas reatha Matamaitice na hArdteistiméireachta \(2013\)](#) isteach i ngach iar-bhunscoil ar bhonn céimnithe sa bhliain 2010, faoi thionscnamh an Tionscadail Mhata; tionscnamh ar cuireadh tús leis sa bhliain 2008 le dul i ngleic le ceisteanna a bhain le siollabais, teagasc, foghlaim agus measúnú na matamaitice iar-bhunscoile a tháinig aníos in *Athbhreithniú ar an Matamaitic in oideachas iar-bhunscoile* (CNCM, 2005).

Ba é seo an chéad athfhorbairt ar an gcuraclam matamaitice le breis agus fiche bliain, in áit an tsiollabais roimhe sin a athbhreithníodh in 1992 agus a scrúdaíodh den chéad uair in 1994. Ba é aidhm an tionscnaimh ná eispéireas matamaiticiúil an scoláire sa seomra ranga a fheabhsú trí ghnéithe lárnaacha agus críochnúlacht mhatamaiticiúil na siollabas roimhe sin a choimeád agus a athneartú, agus ag an am céanna an cur chuige agus béim sa teagasc, foghlaim agus measúnú a athrú. D'éiligh an Tionscadal Mata níos mó den déanamh céille, réiteach fadhbanna agus rannpháirtíocht ón scoláire agus é ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí luachmhara foghlama, agus go mbeadh tuiscint choincheapúil i gceist chomh maith le scileanna nóis imeachta.

Ó tugadh isteach siollabas 2013, tá athruithe suntasacha tagtha ar dhomhan an oideachais, na matamaitice, agus níos faide i gcéin. Mar fhreagra ar an domhan seo atá ag athrú go tapa, déantar beartais rialtais a thugann tús áite do spriocanna oideachasúla a fhorbairt an t-am ar fad; agus tá athrú ag teacht ar an gcóras oideachais, agus na beartais seo mar bhonn eolais faoi, le cinntiú go bhfuil daoine óga réitithe go cuí le bheith rannpháirteach go hiomlán i sochaí an lae inniu. Déantar roinnt beartais rialtais, a dtugtar achoimre orthu i dTábla 1, agus forbairtí ábhartha ar dócha go n-imreoidh siad tionchar ar fhorbairt Mhatamaitic na hArdteistiméireachta, a leagan amach thíos.

Tábla 1: Samplaí de bheartais agus forbairtí ó tugadh isteach siollabas reatha Mhatamaitic na hArdteistiméireachta (2013)

Foilseachán	Dáta	Sainréimse an athraithe agus impleachtaí don athbhreithniú ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta
Creat don tSraith Shóisearach	2015	Leis an gCreat don tSraith Shóisearach (RO, 2015) , rinneadh athruithe suntasach ar churaclam na sraithe sóisearaí. <ul style="list-style-type: none">• príomhscileanna a thabhairt isteach ar fud churaclam na sraithe sóisearaí;• tabhairt isteach na measúnuithe rangbhunaithe (MRBanna) atá beartaithe leis an mbéim ar an scrúdú deiridh a laghdú agus leis an tosaíocht a thugtar don mheasúnú foirmitheach a mhéadú;• forbairt Clár Foghlama ar Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó (CFL1 agus CFL2) chun freastal ar riachtanais shonracha an scoláire faoi mhíchumas foghlama ginearálta.

Matamaitic na Sraithe Sóisearaí	2018	I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), tugadh isteach sonraíocht ábhair nua do Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2018.
Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta	2021	Deis don scoláire AT staidéar a dhéanamh ar ríomhairí agus ar phróisis algartamacha, go sonrach <ul style="list-style-type: none"> • cleachtais agus prionsabail na ríomheolaíochta, cosúil le smaointeoireacht ríomhaireachtúil, ríomhairí agus an tsochaí, agus dearadh cruthaitheach • fadhbanna a anailísiú i dtéarmaí ríomhaireachtúla agus coincheapa cosúil le teibíocht, loighic, algartaim, ríomhchórais, léiriú agus meastóireacht sonraí a thuiscint.
Matamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta	2021	Deis do scoláire na hArdteistiméireachta scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt bunaithe ar mhatamaitic fheidhmeach, ionas gur féidir leis an scoláire: <ul style="list-style-type: none"> • Fadhb a cheapadh • An fadhb a aistriú go matamaitic • Réiteach a ríomh • An réiteach a mheas
Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach	2021	Leagtear amach cuspóir comhaontaithe d'oideachas na sraithe sinsearaí agus léirítear fíis léi maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí bunaithe ar shraith treoirphrionsabal. Mar fhreagairt ar an tuarascáil seo, chuir an tAire Foley tús le clár athfhorbartha na sraithe sinsearaí.
Measúnuithe Idirnáisiúnta	2022	Tháinig Éire san 11ú háit as 81 tír a ghlac páirt agus bhí Éireannaigh 15 bliana d'aois cuid mhór os cionn mheán ECFE sa litearthacht mhatamaiticiúil. Cé go bhfuil níos lú scoláirí ag feidhmiú ag na leibhéil inniúlachta is ísle go seasta, tá céatadán na scoláirí atá ag feidhmiú ag na leibhéil is airde íseal agus faoi bhun mheán ECFE go fóill.
Financial Literacy in Ireland challenges and solutions	2022	Tharraing tuarascáil ar litearthacht airgeadais a rinne an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA, Samhain 2022) cúiseanna imní anuas maidir leis an líon suntasach daoine fásta a raibh deacrachtaí acu matamaitic bhunúsach a úsáid, rud a chuireann i riocht leochaileach iad ó thaobh bainistiú a dhéanamh agus rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais atá ar fáil. Tá Straitéis Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais á forbairt ag an Roinn Airgeadais i ndiaidh moltaí ó ECFE <i>céimeanna a ghlacadh le litearthacht airgeadais a fhorbairt ón aois is óige agus is féidir le cabhrú le daoine óga aghaidh a thabhairt ar dhúshlán chomhaimseartha airgeadais</i> (ECFE, 2024, lch 10). I measc na moltaí bhí oideachas agus oiliúint ar an litearthacht airgeadais le daoine a sholáthar leis an eolas, scileanna, dearcadh agus iompar airgeadais a theastaíonn le folláine airgeadais a bhaint amach.
Creat Matamaitice PISA	2022	Tarraingíonn an creat leasaithe aird ar an tionchar a bhíonn ag athruithe domhanda sa digitiú agus teicneolaíocht ar bhrí na hinníúlachta matamaiticiúla agus léiríonn sé gur gá don oideachas daoine óga a réiteach le smaoineamh go matamaiticiúil ionas go

		mbeidh na scileanna agus an mhuintir acu fadhbanna casta a bheidh rompu amach anseo a réiteach.
Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM go dtí 2026	2023	Sainaithníonn an Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM go dtí 2026 (RO, 2023) ról tábhachtach na matamaitice ar fud an churaclaim, agus molann sé eispéiris a chothaíonn an fhiosracht, smaointeoireacht chriticiúil, nuálaíocht, cruthaitheacht, comhoibriú agus réiteach fadhbanna a chur ar fáil do gach scoláire.
Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach	2023	Tá sraith príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach á leabú ar fud torthaí foghlama in ábhair agus modúil nua agus athfhorbartha. Is céim thar a bheith tábhachtach í a dtabhairt isteach chun scoláirí a ullmhú chun dul i ngleic le saol síor-athraitheach an lae inniu.
Creatchuraclam na Bunscoile	2023	Samhlaítear ann go gcuirfidh an scoláire le seacht bpríomhinniúlacht, nó cumais idirnasctha, rud a chuideoidh leis dul in oiriúint do réimse suíomhanna agus dúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimhe agus é ag dul ar aghaidh tríd an mbunoideachas agus san iar-bhunoideachais. Laistigh den chreat seo, tugann Curaclam nua Matamaitice na Bunscoile (2023) tús áite dá aidhm an inniúlacht mhatamaiticiúil a chothú sa scoláire. Trí rannpháirtíocht leis an gcuraclam, foghlaimeoidh an scoláire conas cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil, bheith cruthaitheach, agus scileanna rithábachtacha a fhorbairt sa réiteach fadhbanna, loighic, feasacht ar spásúlacht, agus in úsáid eiticiciúil na teicneolaíochta digití.
Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027		I measc na bpríomhthorthaí taighde tá béim athnuaithe ar an litearthacht, béim níos mó ar an litearthacht dhigiteach, gá le leibhéal níos airde dúshláin a chur ar fáil do roinnt scoláirí, agus an t-aitheantas go bhfuil <i>feasacht níos forleithne ar an ngá don scoláire smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, agus scileanna digiteacha a fhorbairt</i> (RO, 2024, lch 10) ann anois mar thoradh ar athruithe ar an tírdhreach oideachasúil.

Tá an réimse forbartha curaclaim tagtha chun cinn ó tugadh isteach siollabas na bliana 2013, le himpleachtaí d'fhorbairtí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Leis an méid sin a léiriú, d'fhoilsigh CNCM iniúchadh cuimsitheach ar thaighde agus cleachtadh ábhartha maidir le [cineál teicniúil na sonraíochtaí curaclaim](#) chun cuidiú cinneadh a dhéanamh ar an bhformáid is ceart a úsáid agus sonraíochtaí curaclaim á ndearadh don tsraith shinsearach. Sonraíodh sa taighde sin gur cheart go léireofaí le cineál teicniúil na sonraíochtaí curaclaim forbairt chomhtháite an eolais, na scileanna, na luachanna agus na meonta, agus go dtiocfaí le príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí. Thairis sin, agus snáitheanna staidéir á bhforbairt, moladh sa cháipéis go mbeadh tuilleadh mionsonraí le fáil amach anseo faoin gcolún 'foghlaímíonn an scoláire faoi...', leis an mbéim á cur ar scafláil na dtorthaí foghlama agus ar theacht ar chothromaíocht idir tacaíocht a chur ar fáil agus an iomarca sonraí a sheachaint.

Fágann athruithe leathana agus dinimiciúla den chineál sin go bhfuil athfhorbairt ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta tráthúil anois agus cuireann siad deis ar fáil lena chinntiú go mbíonn foghlaim ábhartha mhatamaitice ar fáil do gach scoláire sa tsraith shinsearach.

Achoimre ar an gCuid seo

- Tugadh siollabas reatha Mhatamaitic na hArdteistiméireachta isteach ar bhonn céimneach ó 2008 go 2013 agus ba é an cuspóir a bhí leis ná inniúlacht mhatamaiticiúil a fhorbairt, inniúlacht a shainaithnítear mar a leanas: tuiscint choincheapúil, líofacht níos imeachta, inniúlacht straitéiseach, réasúnaíocht oiriúnaitheach agus meon táirgiúil, agus béim nua ar úsáid na matamaitice chun fadhbanna fíorshaoil a réiteach.
- Cuireann beartais náisiúnta moltaí ar fáil a chuireann cruth ar athfhorbairt Mhatamaitic na hArdteistiméireachta.
- Léirigh taighde laigí i mbunchumas matamaiticiúil cuid mhór de dhaoine fásta na tíre. Is dúshlán práinneach d'oideoirí agus do pháirtithe leasmhara é a chinntiú go mbíonn na scileanna a theastaíonn uathu don saol ag daoine óga.
- Fuair Éireannaigh 15 bliana d'aois marcanna a bhí go mór os cionn mheán ECFE don litearthacht mhatamaiticiúil, ach léirigh measúnuithe idirnáisiúnta ina dhiaidh sin nach bhfuil ag éirí chomh maith agus ba cheart dóibh a bheith le scoláirí ardghnóthachtála na hÉireann i gcoibhneas le scoláirí ardghnóthachtála i dtíortha eile.
- Déanann beartais nua le hoideachas ETIM a chur chun cinn agus le litearthacht airgeadais daoine óga a fheabhsú béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le húsáid traschuraclaim na matamaitice.
- Mar thoradh ar ráta na n-athruithe domhanda sa teicneolaíocht agus sa tsochaí, is gá don oideoir na scileanna a theastóidh ón aos óg amach anseo a athmheas.
- Mar gheall go bhfuil fadhbanna fíorshaoil ag éirí níos casta agus de bharr easpa taithe orthu, is gá don scoláire a bheith cruthaitheach, solúbtha agus ábalta smaoineamh go matamaiticiúil.

Matamaitic sa churaclam

Cuireann an chuid seo forléargas ar fáil ar na deiseanna foghlama a bhaineann leis an Matamaitic atá ar fáil don scoláire faoi láthair laistigh de chlár na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon. Dírítear ansin ar na rátaí rannpháirtíochta i Matamaitic na hArdteistiméireachta, agus tugtar breac-chuntas ar roghnú an ábhair agus déanann plé ar an tuarascáil is déanaí ón bPríomhscrúdaitheoir i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit agus ar an tuarascáil is déanaí ón bPríomhchigire sa Roinn Oideachais.

Matamaitic sa tsraith shóisearach

Tairgtear roinnt deiseanna le hoideachas na sraithe sóisearaí don scoláire foghlaim faoin matamaitic. Bíonn na deiseanna sin comhtháite le hábhair éagsúla agus trí shainchlár agus saintionscnaimh.

Tugadh isteach [an tSonraíocht le haghaidh Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí \(2018\)](#) in áit shiollabas 2016 mar chuid de thionscnamh an Tionscadail Mata. Díríonn sé ar inniúlacht mhatamaiticiúil an scoláire a fhorbairt don saol laethúil agus do staidéir bhreise, ag leagan béim ar chúig shnáithe: tuiscint choincheapúil, líofacht nóis imeachta, inniúlacht straitéiseach, réasúnaíocht oiriúnaitheach agus meon táirgiúil. Tá Snáithe Aontaitheach agus ceithre shnáithe chomhthéacsúla sa struchtúr: Uimhreas; Céimseata agus triantánacht; Ailgéabar agus feidhmeanna; agus Staitisticí agus dóchúlacht. Áirítear leis an measúnú dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB): Imscrúdú Matamaiticiúil agus Imscrúdú Staitistiúil, i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

Cuireann formhór na n-ábhar sraithe sóisearaí deis ar fáil don scoláire cásanna a shamhaltú agus fadhbanna a réiteach ag baint úsáid as an matamaitic. In Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí bailíonn an scoláire sonraí agus léiríonn sé é go matamaiticiúil le tátail a bhaint. Múintear bainistíocht airgeadais, iompraíocht tomhaltóirí agus coincheapa eacnamaíocha i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí. Foghlaimíonn scoláire atá i mbun staidéar ar Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí faoi dhéantúis agus cruthanna 2T, agus faoi conas iad a úsáid don réiteach fadhbanna agus faigheann sé tuiscint ar an ról atá acu agus earraí 3T á gcruthú.

Is féidir leis an scoláire feabhas a chur ar an tuiscint atá aige ar an matamaitic trí dheiseanna le linn oideachas na sraithe sóisearaí atá taobh amuigh d'fhearann an ábhair. Féadfaidh scoileanna gearrchúrsaí cosúil le códú a thairiscint. Cabhraíonn gníomhaíochtaí seach-churaclaim, an Mionchomhlacht agus comórtais cosúil le Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT agus SciFest, mar shampla, le tuiscint an scoláire ar a ábhartha is atá an mhatamaitic ina shaol féin.

Matamaitic sa tsraith shinsearach

Bíonn deiseanna ag an scoláire sa tsraith shinsearach staidéar a dhéanamh ar ábhair agus ar mhodúil a bhaineann le matamaitic ar fud chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. San Idirbhliain, tá scoileanna féinrialach a dhóthain chun a gclár féin

a dhearadh ina bhfuil go leor deiseanna le comhthéacs a thabhairt don fhoghlaim matamaitice i mbealaí ábhartha agus spreagúla.

An Ardteistiméireacht Bhunaithe

Matamaitic na hArdteistiméireachta

Is é aidhm an tsiollabais reatha do Mhatamaitic na hArdteistiméireachta ná cabhrú leis an scoláire an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint mhatamaiticiúil a theastaíonn lena ullmhú dá oideachas, dá shaol agus dá obair amach anseo a fhorbairt. Tríd an matamaitic a mhúineadh i gcomhthéacsanna a thugann deis don scoláire naisc a fheiceáil laistigh den mhatamaitic, idir an mhatamaitic agus ábhair eile, agus idir an mhatamaitic agus a húsáidí san fhíorshaol, samhlaítear go bhforbróidh an scoláire bealach smaointeoireachta solúbtha eagraithe chomh maith leis an spreagadh le réitigh chruthaitheacha a lorg.

Agus leanúnachas ón tsraith shóisearach á chur ar fáil, is é is cuspóir le Matamaitic na hArdteistiméireachta ná go bhforbróidh an scoláire cúig shnáithe na hinniúlachta matamaiticiúla; tuiscint choincheapúil, líofacht níos imeachta, inniúlacht straitéiseach, réasúnaíocht oiriúnaitheach agus meon táirgiúil.

Tá cúig shnáithe i gceist sa siollabas: Staitisticí agus dóchúlacht, Céimseata agus triantánacht, Uimhreas, Ailgéabar agus Feidhmeanna. Déanann an siollabas na torthaí foghlama a bhaineann le gach snáithe a leagan amach agus leagtar béim ann gur cheart an scoláire a spreagadh le naisc a dhéanamh thar na snáitheanna, seachas gach snáithe a fheiceáil mar thopaic a sheasann ina aonair. Is é an sainmhíniú a thugtar ar réiteach fadhbanna (leathanach 10) ná dul i mbun tasc nach mbíonn réiteach soiléir air ar an toirt agus sonraítear gur gné riachtanach den siollabas é. Moltar sa siollabas gur cheart go mbeadh an réiteach fadhbanna le brath i ngach gné den eispéireas teagaisc agus foghlama thar gach ceann de na cúig snáitheanna. Spreagann sé plé agus comhoibriú agus fadhbanna á réiteach, agus roinnt na straitéisí réitigh, le tacú le forbairt scileanna réasúnaíochta agus cosanta agus le húsáid tascanna iomchuí a chruthaíonn dúshláin do réimse éagsúil scoláirí.

Matamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta

Tá sé d'aidhm ag sonraíocht Mhatamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta cumas an scoláire a fhorbairt chun an mhatamaitic a úsáid chun fadhbanna fíorshaoil a shamhaltú. Ach díriú ar gach gné de thimthriall an réitigh fadhbanna, meastar go rachaidh an scoláire níos faide ar aghaidh ná gnáthaimh a ríomh agus taithí a fháil ar cheisteanna cuí a chur, léirithe matamaiticiúla ar fhadhbanna a cheapadh, agus torthaí a léirmhíniú agus a dheimhniú. Tríd an Matamaitic Fheidhmeach, ba cheart go bhfoghlaimeodh an scoláire le léirthuisicint a bheith aige do chomh hábhartha agus a bhíonn an mhatamaitic don ghnáthshaol, ag cruthú rannpháirtíochta agus spéis sa phróiseas. Meastar go n-úsáidfear teicneolaíocht dhigiteach mar uirlis foghlama i roinnt gnéithe den chúrsa seo.

Tá ceithre shnáithe i Matamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta: Samhaltú matamaiticiúil, Samhaltú matamaiticiúil le líonraí agus graif, Samhaltú matamaiticiúil ar an domhan fisiciúil agus Samhaltú matamaiticiúil ar dhomhan atá ag athrú. Tá samhaltú matamaiticiúil mar bhonn agus taca

don mhatamaitic fheidhmeach agus mar sin meastar gur snáithe aontach é; leathann sé ar fud shnáitheanna uile na sonraíochta.

An Idirbhliain

Tá an Mhatamaitic ar cheann de na cúig chroí-chomhpháirt i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana (2024). Cruthaíonn an bhéim ar leanúnachas agus dul chun cinn san Idirbhliain (IB) deis don scoláire tógáil ar a chuid foghlama sa tsraith shóisearach ag an am céanna agus atá gnéithe de phríomhinníúlachtaí na sraithe sinsearaí á bhforbairt aige. Go sonrach, cuirfidh comhpháirt na matamaitice deiseanna ar fáil leis na hinniúlachtaí seo a leanas a chothú: Smaointeoireacht agus Fadhbanna a Réiteach; A Bheith Cruthaitheach, Cumarsáid a dhéanamh agus Obair le daoine eile. Tugann an Idirbhliain am don scoláire freisin leis an matamaitic a fhiosrú san fhíorshaol, ag ardú feasachta maidir le conairí gairme amach anseo a d'fhéadfadh cabhrú leis cinntí eolacha a dhéanamh maidir lena roghanna gairme amach anseo.

Agus an digitiú san oideachas ag leathnú go domhanda, beidh deis ag an scoláire scilbhisiú i dtimpeallachtaí comhoibríocha agus triail a bhaint as teicneolaíochtaí nach bhfuil taithí aige orthu. Ligeann solúbthacht chlár na hIdirbhliana don scoláire bheith ina ghníomhaí ina chuid foghlama féin, fás agus forbairt go pearsanta, dea-obair a dhéanamh don phobal áitiúil, teacht ar na straitéisí foghlama is mó a fheileann dó, agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fiúntacha agus taitneamhacha a chothaíonn an chruthaitheacht. Cuireann an fhéinriail atá leabaithe i gclár na hIdirbhliana deiseanna ar fáil don mhúinteoir glacadh le cuir chuige nuálacha i leith theagasc na matamaitice a d'fhéadfadh a bheith claochlaitheach d'inspreagadh an scoláire.

An Mhatamaitic i bhFócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta i Matamaitic na hArdteistiméireachta ag tarraingt ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Soláthraítear forléargas inti ar mheasúnú don teistiúchán mar aon le léargas áirithe ar rannpháirtíocht an scoláire i réimsí difriúla de shiollabas reatha Mhatamaitic na hArdteistiméireachta bunaithe ar na tuarascálacha is déanaí ó CSS agus ón Roinn Oideachas.

Rannpháirtíocht an scoláire

Cuirtear achoimre ar fáil sa tábla thíos ar na scoláirí a rinne scrúdú Mhatamaitic na hArdteistiméireachta Bunaithe ó 2019. I gcás thart ar 36% de na hiarrthóirí a bhí i mbun na Matamaitice, rinne siad an scrúdú ar Ardleibhéal in 2024; in 2019 rinne 33% de na hiarrthóirí an tArdleibhéal.

Ó 2012 ar aghaidh bronntar 25 pointe breise Ardteistiméireachta ar scoláire a bhaineann grád HD3 nó níos mó (H6 ó 2016) amach. 8,325 scoláire a thug faoin Ardleibhéal in 2011, sular tugadh na pointí breise isteach, arbh ionann agus 15.8% de na hiarrthóirí ar fad a rinne an mhatamaitic. Ní bhronntar pointí CAO ar ghnóthachtáil ag Bonnleibhéal.

Bliain	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Bonnleibhéal	Líon iomlán na nIarrthóirí	Líon iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta	An Matamaitic mar % de líon iomlán na nIarrthóirí ATB
2019	18,153	31,474	5,467	55,094	56,071	98.3
2020	20,520	33,862	2,602	56,984	57,569	98.9
2021	22,919	32,319	2,065	57,303	57,952	98.9
2022	21,265	32,792	3,290	57,347	58,056	98.8
2023	20,516	33,220	3,612	57,348	58,006	98.9
2024	20,330	32,362	3,332	56,024	56,791	98.6

Tábla 2: Líon na scoláirí a rinne Matamaitic na hArdteistiméireachta ar ardleibhéal, ar gnáthleibhéal agus ar bhonnleibhéal 2019-2024

Measúnú don teistiúchán

Is le scrúdú scríofa deiridh a dhéantar Matamaitic na hArdteistiméireachta a mheas. Baintear idirdhealú amach sa mheasúnú trí scrúduithe ar thrí leibhéal – Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal, agus Ardleibhéal. Tá dhá pháipéar le déanamh ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal agus páipéar amháin ag an mBonnleibhéal. Tá gach páipéar dhá uair go leith ar fad.

Léargas ó thuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora

Foilsíodh an Tuarascáil is déanaí ón bPríomhscrúdaitheoir don Mhatamaitic (CSS, 2015) tar éis na scrúduithe in 2015. Luadh gurb é seo an chéad bhliain a ndearnadh an siollabas nua a scrúdú go hiomlán, agus, mar sin, go bhféadfadh sé nach léiríonn an tuarascáil tionchar iomlán an tsiollabais nua ar an teagasc agus foghlaim. Sin ráite, tugtar léargais sa tuarascáil ar réimsí den inniúlacht mhatamaiticiúil ar tarraingíodh aird bhreise orthu i dtuarascálacha cigireachta níos déanaí a dtugtar breac-chuntas orthu thíos. Léirítear inní sa tuarascáil maidir le feidhmíocht fhoriomlán roinnt scoláirí a thugann faoin bpáipéar Ardleibhéil agus cur i bhfeidhm bunscileanna i gceist, go háirithe iad sin ag an gceann íochtair. Shíl mionlach suntasach de na scoláirí seo na scileanna smaointeoireachta ardoird a bheith dúshlánach agus bhí siad ag streachailt le nósanna imeachta ilchéime. Léiríodh inní freisin gur léirigh cuid mhór de na scoláirí a thug faoin bpáipéar Gnáthleibhéil easpa eolais maidir le nósanna imeachta caighdeánacha agus easpa buanseasmhachta. Chruthaigh ceisteanna ina mbíonn ar an scoláire naisc a dhéanamh idir snáitheanna éagsúla an tsiollabais mar chuid díobh deacrachtaí do chuid mhór daoine.

Leagtar béim sa tuarascáil ar scileanna sraithe sóisearaí a thabhairt isteach arís agus a athneartú, scileanna nár sealbhaíodh ag an nGnáthleibhéal ná ag an mBonnleibhéal agus a chuir bac roimh dhul chun cinn na hinniúlachta matamaiticiúla i réimse eile. Moltar don mhúinteoir níos mó deiseanna a chur ar fáil don scoláire a chuid scileanna agus eolas a chur i bhfeidhm sna cúig

shnáithe, blaiseadh a fháil de cheisteanna nach bhfuil taithí acu orthu, agus roinnt straitéisí a fhorbairt chun ceisteanna a réiteach.

Léargas ó Thuarascáil an Phríomhchigire

Bhí torthaí foriomlána na gcigirí maidir le caighdeán an teagaisc agus na foghlama sa mhatamaitic an-dearfach ar fad le linn na tréimhse 2016-2020. Thuairiscigh an Chigireacht go bhfuil cleachtais teagaisc níos spreagúla á n-úsáid i bhformhór na seomraí ranga anois mar thoradh ar na cuir chuige níos scoláire-lárnaithe a chuireann na leasuithe atá déanta ar shiollabas na matamaitice le deich mbliana anuas chun cinn.

Leibhéil na foghlama ó thaithí agus tógachaíche

Tugann tuarascála cigireachta le fios go bhfuil feabhas ag teacht ar leibhéil na foghlama ó thaithí i gceachtanna agus ar bhéim ar chuir chuige thógachaíocha i leith thabhairt isteach coincheapa matamaiticiúla a ligeann don scoláire bheith ina rannpháirtí gníomhach ina chuid foghlama. Mhol cigirí go ndéanfadh múinteoirí sciar níos airde den am ceachta a úsáid don fhoghlaim ghníomhach, ina dtugtar deiseanna don scoláire tabhairt faoi na nithe seo a leanas agus é ag tabhairt faoi thascanna a éiríonn níos deacra de réir a chéile: comhoibriú a dhéanamh; hipitéis a thabhairt agus dul ina mbun; agus coinneáil leis.

Úsáid an mheasúnaithe le tacú leis an bhfoghlaim sa mhatamaitic

Thug cigirí le fios go raibh gá le haiseolas foirmitheach feabhsaithe ar obair an scoláire, le breis forbartha ar straitéisí ceistiúcháin a éilíonn míniú ón scoláire maidir lena smaointeoireacht, agus le húsáid níos mó an phiarmheasúnaithe agus fhéinmheasúnaithe. Luadh freisin go raibh gá le planáil traschuraclaim ionas gur sainaithníodh agus gur úsáideadh naisc idir an mhatamaitic agus ábhair eile chun deiseanna foghlama comhtháite a chruthú.

Feidhmíocht i measúnuithe idirnáisiúnta

Ar an iomlán, d'éirigh go han-mhaith le scoláirí Éireannacha i measúnuithe idirnáisiúnta, ach, sin ráite, tugann cuid de na torthaí le fios go bhfuil dúshlán shuntasacha roimh theagasc na matamaitice in iar-bhunscoileanna na hÉireann. Bhí scoláirí in Éirinn go suntasach thar mheán ECFE sa mhatamaitic ach ba é 8.2% an céatadán de scoláirí a d'fheidhmigh ag leibhéil níos airde inniúlachta i gcomparáid le meán ECFE de 10.9%. Tarraingíodh aird ar an tearcfheidhmíocht choibhneasta seo i *Tuarascáil an Phríomhchigire* is deireanaí a foilsíodh in 2016. Ábhar eile imní a tháinig chun cinn i measúnú 2018 PISA ná tearcfheidhmíocht scoláirí i míreanna scrúdaithe ina raibh ar an scoláire scileanna matamaiticiúla a chur i bhfeidhm i dtimpeallachtaí dinimiciúla réitigh fadhbanna. I bhfianaise tábhacht scileanna matamaiticiúla i réimsí ar dócha go mbeidh siad níos suntasaí ó thaobh an gheilleagair de, chomh maith le tábhacht na matamaitice mar uirlis sa saol laethúil, ba cheart dul i ngleic le laige choibhneasta na scoláirí Éireannacha maidir le coincheapa agus scileanna matamaiticiúla a chur i bhfeidhm sa dearadh curaclaim, san oideachas agus cleachtas múinteoirí, i meastóireachtaí Cigireachta agus laistigh de scrúduithe stáit.

Achoimre ar an gCuid seo

- Tá comhleanúnachas le Matamaitic an Teastais Shóisearaigh le fáil sa tsonraíocht do Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí (2015) sa mhéid is atá sé mar aidhm aige inniúlacht mhatamaiticiúil a chothú le tacú le tuiscint níos doimhne ar an matamaitic.
- Is é is aidhm le Snáithe Aontaitheach a thabhairt isteach i sonraíocht na Sraithe Sóisearaí ná an scoláire a spreagadh le naisc a dhéanamh idir na ceithre shnáithe chomhthéacsúla. Tríd an matamaitic a fheiceáil mar roinnt smaointe atá nasctha le chéile, ba cheart go mbeadh an scoláire níos ullmhaithe le plé leis an matamaitic níos teibí sa tsraith shinsearach.
- I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), cuireann Matamaitic na Sraithe Sóisearaí béim ar an tábhacht a bhaineann le measúnú mar chuid de theagasc agus foghlaim. Tacaítear leis sin le dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB): MRB 1 – Imscrúdú Matamaiticiúil; agus MRB 2 – Imscrúdú Staitistiúil.
- Déantar Matamaitic na hArdteistiméireachta, a dhéanann níos mó na 99% de scoláirí na hArdteistiméireachta Bunaithe, a thairiscint ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal. Is ionann torthaí foghlama an Ghnáthleibhéil agus fothacar den Ardleibhéal, rud a chruthaíonn deis don idirdhealú agus a éascaíonn athrú go dtí an Gnáthleibhéal má shíleann an scoláire an tArdleibhéal a bheith ródhúshlánach.
- Léirítear imní i dtuarascáil an Phríomhscrúdaitheora maidir le feidhmíocht scoláirí ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon agus bunscileanna matamaitice á gcur i bhfeidhm acu agus maidir leis an gcumas atá acu naisc a dhéanamh idir snáitheanna an tsíollabais. Moltar ann an scoláire a nochtadh do cheisteanna nach bhfuil taithí aige orthu agus do straitéisí ilréitigh chun críche cur lena chuid tuisceana.
- Tarraingítear aird i dtuarascálacha cigireachta na Roinne Oideachais ar réimsí den teagasc agus foghlaim a chuireann leis an inniúlacht mhatamaiticiúil agus ar réimsí a dtarlaíonn an fhoghlaim de ghlanmheabhair gan tuiscint mar thoradh orthu. Léiríodh imní maidir le tearcfheidhmíocht choibhneasta na scoláirí ag leibhéal níos airde inniúlachta agus laige choibhneasta scoláirí Éireannacha agus cur i bhfeidhm coincheapa agus scileanna matamaiticiúla i gceist.

Léargas ó chuartheanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scoileanna mar chuid den obair mheasta don Scrúdpháipéar seo. Roghnaíodh an sampla ionadaíoch ón 63 scoil a léirigh spéis i bheith rannpháirteach i bhforbairtí ar churaclam Mhatamaitic na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh sé scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí cuairteanna ar na scoileanna seo ar siúl i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus bhí cruinnithe fócasghrúpa i gceist le 50 scoláire sa tsraith shinsearach, 31 múinteoir Mhatamaitic na hArdteistiméireachta agus 15 cheannaire scoile. Sa chuid seo a leanas soláthraítear forléargas ar an léargas a bailíodh ó na cuairteanna sin.

Deiseanna agus dúshláin

Agus plé á dhéanamh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhí rompu agus aidhm Mhatamaitic na hArdteistiméireachta á baint amach ina seomraí ranga, aithníodh gur deiseanna iad an bhéim ar an réiteach fadhbanna, úsáid a bhaint as comhthéacsanna a ligeann don scoláire naisc a dhéanamh laistigh den mhatamaitic agus ábharthacht na matamaitice ina shaol a fheiceáil. Síleadh gurb é am, fairsinge an chúrsa agus raon éagsúil inniúlachtaí na scoláirí atá ag dul ar aghaidh ón tsraith shóisearach na dúshláin ba mhó a bhain leis na deiseanna sin a mhéadú. Thuairiscigh múinteoirí gur bhraith siad teoranta ó thaobh modheolaíochtaí scoláire-lárnaithe ar féidir obair chomhoibríoch a dhéanamh mar chuid díobh a úsáid, rud a d'imir droch-thionchar ar bhaint amach aidhmeanna agus chuspóirí an tsiollabais, go háirithe an cumas naisc a dhéanamh laistigh den mhatamaitic agus inniúlacht straitéiseach, réasúnaíocht oiriúnaitheach agus meon táirgiúil a fhorbairt. Cé gur tugadh aitheantas don tábhacht a bhaineann le teanga na matamaitice agus leis an matamaitic i gcomhthéacs a thuiscint, síleadh gur fhág fairsinge an chúrsa agus raon éagsúil inniúlachtaí na scoláirí nach raibh dóthain ama ann cinntiú go raibh gach scoláire ullmhaithe go cuí do na ceisteanna comhthéacs sa scrúdú. Tá imní, easpa muiníne agus frustrachas ag teacht chun cinn mar thoradh air sin.

Fairsinge an tsiollabais

Cé go raibh na múinteoirí ábalta tábhacht na dtopaicí ar fad sa siollabas reatha a fheiceáil, comhaontaíodh d'aon ghuth go raibh na siollabais ag an ngnáthleibhéal agus ag an ardleibhéal araon rófhada. Ní raibh aon chomhaontú ann, áfach, maidir lenar cheart a bhaint amach le spás a chruthú do leibhéal níos doimhne rannpháirtíochta a shíltear a bheith riachtanach. Tá ceisteanna maidir le hinneachar a bhaint casta mar gheall ar réimse leathan na scoláirí, go háirithe mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go mbíonn gach scoláire réitithe do cuí dá chonair iar-scoile. Moladh go bhfaighfí réidh ar an gcéad dul síos le topaicí a spreag an fhoghlaim de ghlanmheabhair; luadh tógálacha, cruthú le hionduchtú agus cruthú le bréagnú ina leith sin, nó iad sin a dteastaíonn tuiscint ina dtaobh atá róchasta don scoláire ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ar nós cruthuithe triantánúla agus céimseatóla. Síleadh gur tosaíocht do shonraíocht athfhorbartha é an mhatamaitic a dhéanamh ábhartha do shaol an scoláire agus, ina leith sin, moladh fáil réidh le topaicí ar nós morgáistí sa mhatamaitic airgeadais agus uimhreacha coimpléascacha. Comhaontaíodh go láidir i ngach ceann de na fócasghrúpaí go raibh tuiscint mhaith ar staitisticí riachtanach don saol, cé go raibh easaontais ann maidir le cé chomh mion agus is gá staidéar a dhéanamh orthu ar scoil.

Leagadh béim ar spás a chur ar fáil le tabhairt faoin gcalcalas agus faoin ailgéabar ar bhealach fiúntach ag an ardleibhéal, i bhfianaise a mbuntábhachta ag an tríú leibhéal. Mar sin féin, ceistíodh a n-ábharthacht ag an ngnáthleibhéal. Síltear gur cheart go mbeadh níos mó de chlár matamaitice feidhmiúla i gceist le sonraíocht an ghnáthleibhéil – clár a ullmhaíonn an scoláire le feidhmiú i sochaí trí chur i bhfeidhm praiticiúil ábhartha.

Dul chun cinn ón tsraith shóisearach

Thuairiscigh scoláirí gur bhraith siad go raibh bearna idir matamaitic na sraithe sóisearaí agus matamaitic na hArdteistiméireachta ó thaobh leibhéal deacrachta an inneachair de agus ó thaobh an luais ag a ndéantar dul chun cinn sa rang. Mhol siad gur cheart coincheapa a foghlaimíodh sa tsraith shóisearach a athneartú agus a leathnú de réir a chéile le linn an chúigiú bliain leis an aistriú a dhéanamh níos éasca. Thuairiscigh scoláirí gur nós an-choitianta anois é teagasc breise a fháil, lasmuigh den scoil, le coimeád suas le luas agus le dúshlán na ranganna ag an ardleibhéal. Shíl go leor scoláirí gur riachtanas í an tacaíocht sin lena gcumasú le staidéar a dhéanamh ag an ardleibhéal.

Luaigh múinteoirí agus scoláirí araon go raibh scoláirí ag streachailt le naisc a dhéanamh idir coincheapa agus go raibh siad ag brath ar an téacsleabhar nó ar an múinteoir leis na topaicí a nascadh le chéile.

Pointí breise

Rinneadh cuid mhór plé ar phointí breise agus d'aontaigh múinteoirí agus an bhainistíocht d'aon ghuth go raibh go leor scoláirí ag beartú tabhairt faoin ardleibhéal i gcoinne chomhairle a múinteora mar gheall ar na pointí breise. Tá sé seo i ndiaidh an réimse inniúlachtaí i ranganna matamaitice ardleibhéil agus gnáthleibhéil araon a chur ar sceabha, go háirithe ag an ardleibhéal. Dúshlán coitianta amháin is ea an luas ag a ndéantar dul chun cinn sna ceachtanna a mheaitseáil leis an luas ag a bhfuil an scoláire ábalta dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama, agus an cúrsa féin a chríochnú ag an am céanna. Is féidir le roinnt scoláirí bheith trína chéile agus is féidir le frustrachas bheith ar roinnt eile mar thoradh air seo.

Matamaitic Bonnleibhéil

Cé nach raibh rang Bonnleibhéil faoi leith i gceann ar bith de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu, bhí roinnt scoláirí i ngach ceann acu a thug faoin scrúdú Bonnleibhéil gach bliain. I bhformhór na gcásanna tugadh faoin mbonnleibhéal mar gheall ar chinneadh ag an nóiméad deiridh a rinne scoláirí nach raibh freastal maith acu nó múinteoirí a shíl nach raibh an scoláire réidh don scrúdú gnáthleibhéil.

Moltaí do shonraíocht athfhorbartha na matamaitice

D'aontaigh scoláirí agus múinteoirí d'aon ghuth go dtacófaí le hinniúlacht réitigh fadhbanna an scoláire dá gcuirfí am agus spás ar fáil i sonraíocht athfhorbartha chun go mbeadh deis ag an scoláire an mhatamaitic a phlé lena chuid piaraí. Aontaíodh gur dhócha go gcuirfeadh sé sin lena inniúlacht fhoriomlán sa mhatamaitic. Rinneadh moltaí gur cheart go mbeadh snáithe réitigh fadhbanna a shainmhíneáir ar bhonn níos soiléire leabaithe sa tsonraíocht agus gur chuid riachtanach den phróiseas foghlama is ceart a mheas mar aidhm é an scoláire a chumasú le botúin a dhéanamh.

Nuair a fiafraíodh cé na hinniúlachtaí a síleadh go raibh sé tábhachtach don scoláire a fhorbairt sa seomra ranga, luadh go raibh féinmhuinín, réiteach fadhbanna, comhoibriú agus plé, cruthaitheacht, buanseasmhacht, agus scileanna matamaitice a theastaíonn don saol riachtanach.

Luaigh rannpháirtithe gur chásanna comhoibríthe den scoth iad gníomhaíochtaí ina raibh ar scoláirí straitéisí réitigh fadhbanna a roinnt agus a chosaint agus tugadh le fios gur cheart go mbeadh cothromaíocht idir an obair le daoine eile agus an obair neamhspleách, cé go meastar an comhoibriú a bheith tábhachtach. I roinnt scoileanna moladh cur chuige modúlach ina bpléann gach scoláire le croíchoincheapa agus ina mbíonn an neamhspleáchas acu ansin topaicí a roghnú a d'fhéadfadh, dar leo, a bheith ag teastáil uathu sa saol i ndiaidh na scoile. Thacaigh scoláirí leis an gcur chuige sin ach cé gur thug an bhainistíocht agus múinteoirí aitheantas do na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis, braithheadh nár cheart diúltú do phlé na ceiste i bhfianaise an bhuntáiste a d'fhéadfadh sé a thabhairt don scoláire. Ina thaobh sin, moladh go ndéanfaí sonraíocht a fhorbairt a shainaithníonn croiscileanna matamaitice ba cheart a bheith ag gach scoláire ar fhágáil na scoile dóibh, an mhatamaitic a shíltear a bheith riachtanach don saol, agus ansin roghanna a chur ar fáil, matamaitic a shíltear a bheith riachtanach do phrintiseachtaí agus do roghanna níos sofaisticiúla dóibh siúd a dteastaíonn an mhatamaitic uathu don bhreisoideachas nó don ardoideachas.

D'aontaigh na rannpháirtithe ar fad gur cheart tús áite a thabhairt do dhéine a choimeád dóibh sin atá paiseanta faoin matamaitic agus do chinntiú go mbíonn an mhatamaitic a theastaíonn uaidh don saol ag gach aon scoláire.

Measúnú

Fáiltíodh roimh thabhairt isteach Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis (CMB) mar dheis don scoláire 40% a fháil sula dtugann sé faoin bpáipéar scríofa agus mar spreagadh don chúigiú bliain. Luaigh rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann leis an measúnú a ailíniú go dlúth leis an bhfoghlaim a leagtar amach sa tsonraíocht agus bhraith siad gur cheart don CMB measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim nárbh fhéidir a mheas sa scrúdú scríofa. Cé gur tarraingíodh anuas ábhair inní maidir leis an gcaoi a bhféadfadh IS tionchar a imirt ar chothromas agus ar chur i gcrích an CMB, aontaíodh go mbeadh teoracha soiléire le tabhairt maidir le ról an mhúinteora agus an próiseas a bheadh i gceist le hobair an scoláire a fhíordheimhniú. Agus plé á dhéanamh ar a mbeadh i gceist le CMB, tacaíodh le MRBanna na Sraithe Sóisearaí go ginearálta, ach bhraith formhór na rannpháirtithe go dteastódh i bhfad níos mó soiléire maidir lena mbeadh á mheasúnú ag an CMB. Síleadh gur gnéithe riachtanacha iad teanga shoiléir agus rogha an scoláire le go gcumasódh CMB ar bith an scoláire le húinéireacht a ghlacadh ar a chuid oibre agus le rochtain chothrom a chinntiú do gach scoláire. D'eaontaigh múinteoirí maidir lena mbeadh i gceist go díreach le CMB ach d'fháiltigh siad roimh an deis a chuirfeadh CMB ar fáil measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach éasca a mheas i bpáipéar scríofa agus bhraith siad go mbeadh sé le comhtháthú sa teagasc agus foghlaim seachas le déanamh mar phársa breise oibre.

Úsáid na teicneolaíochta

Comhaontaíodh nár chuir an siollabas reatha úsáid na teicneolaíochta digítí chun cinn agus mar thoradh air sin gur baineadh úsáid éagsúil as ó scoil go scoil agus laistigh de scoileanna. Thuairiscigh scoláirí gur chabhraigh úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga leo coincheapa a shamhlú agus a thuiscint agus gur mhaith leo go ndéanfaí sin a fhiosrú tuilleadh. Luadh gur uirlis iontach é Geogebra a d'fhéadfaí a úsáid tuilleadh ach go dteastódh oiliúint faoi leith dá mbeadh sé le húsáid go forleathan. Ar an iomlán bhí múinteoirí fonnmarh maidir le teicneolaíochtaí eile agus oideolaíochtaí spreagúla a fhiosrú i sonraíocht athfhorbartha ach luaigh siad go mbeadh acmhainní, is é sin, am agus infheistiú, ag teastáil lena gcomhtháthú.

Achoimre ar an gCuid seo

- Bíonn méadú mór ar luas an teagaisc agus na foghlama de réir mar a bhíonn an scoláire ag dul chun cinn ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. Síleadh gur dúshlán suntasach é sin, agus an leibhéal deacrachta freisin, do scoláirí cúigiú bliain ag leibhéal ar bith.
- Cuireann fairsinge an chúrsa Ardteistiméireachta ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal araon dúshlán roimh an múinteoir agus roimh an scoláire. Bhraith múinteoirí teoranta ina gcur chuige agus thuairiscigh scoláirí gur bhraith siad go raibh a gcuid foghlama faoi dheifir.
- Agus plé á dhéanamh ar oideolaíocht, luadh go raibh an comhoibriú agus plé tábhachtach le tuiscint a dhaingniú agus le scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt.
- Is trí dheiseanna a chur ar fáil le tabhairt faoi phlé le piaraí ba dhócha a thacófaí le forbairt na hinniúlachta matamaiticiúla.
- Ba cheart do thopaicí a chuirtear i sonraíocht athfhorbartha díriú ar riachtanais an scoláire – an mhatamaitic a theastóidh don bhreisoideachas agus don ardoideachas agus an mhatamaitic a theastóidh ó gach scoláire ina shaol freisin.
- Matamaitic atá ábhartha dá shaol is úsáidí don scoláire ag an ngnáthleibhéal.
- Ba cheart tús áite a thabhairt do thopaicí a fhorbraíonn féinmhuinín an scoláire agus a chabhraíonn leis an gcomhoibriú, cruthaitheach, taithí ar éiginnteacht agus teacht aniar a chothú, seachas do thopaicí a spreagann an fhoghlaim de ghlanmheabhair.
- D'fháiltigh scoláirí roimh thabhairt isteach an CMB agus braitheadh gur dheis é le hobair ar thopaic ar spéis leo agus mar bhealach leis an spleáchas ar an scrúdú scríofa deiridh a laghdú.
- Deis atá san athfhorbairt an teicneolaíocht a leabú i dteagasc agus foghlaim na matamaitice ach is gá acmhainní cuí a chur ar fáil lena aghaidh.

Treochtaí idirnáisiúnta san oideachas Matamaitice

Breathnaítear sa chuid seo ar an Matamaitic i Scrúdú Dioplóma Meánoideachais Hong Cong, i gClár Dioplóma an Baccalaureate Idirnáisiúnta (BI), i dTeastas Náisiúnta na Gnóthachtála Oideachasúla sa Nua-Shéalainn agus i dTeastas Ginearálta Oideachais A-leibhéil Shingearpór. Cumhdaítear go gairid leis ionad agus cuspóir an staidéir ar an Matamaitic sa chéim shinsearach ar an meánscoil agus soláthraítear forléargas gairid ar inneachar an churaclaim agus an chaoi a ndéantar measúnú ar an ábhar.

I ndlínsí eile, cuirtear sainroghanna ar fáil ar féidir leis an scoláire roghnú uathu, ag brath ar a bhfuil i gceist aige a dhéanamh i ndiaidh na scoile. In Queensland, ligeann [conairí](#) don scoláire roghnú ó chúig chúrsa éagsúla [matamaitice](#) sa chéim shinsearach ar an meánscoil. In British Columbia, cuireann an [cúraclam matamaitice](#) seacht gcúrsa ar fáil ag Grád 12 le matamaitic atá riachtanach don saol a chur ar fáil chomh maith le roghanna níos acadúla. In Ontario, tá naoi [gcúrsa](#) éagsúla ar fáil i nGrád 11 agus i nGrád 12.

Matamaitic i Scrúdú Dioplóma Meánoideachais Hong Cong (HKDSE)

Comhthéacs

Déanann scoláirí scoile i Hong Cong Scrúdú Dioplóma Meánoideachais Hong Cong ([HKDSE](#)) ar chríochnú sé bliana de mheánoideachas dóibh, ag thart ar 18 mbliana d'aois. Is croí-ábhar de chuid an HKDSE í an Mhatamaitic agus déanann formhór na scoláirí ceithre chroí-ábhar (an tSínis, an Béarla, an Mhatamaitic (Comhpháirt Éigeantach), agus Saoránacht agus Forbairt Shóisialta), chomh maith le dhá nó trí ábhar roghnacha.

Is é is aidhm leis an Matamaitic sa HKDSE ná cabhrú leis an scoláire an inniúlacht a shealbhú le fiosrú, buille faoi thuairim a thabhairt agus réasúnú go loighciúil agus cuireann sé bunchloch ar fáil do staidéar disciplíní eile. Trí inniúlacht na scoláirí a fhorbairt maidir le cur i gcomhthéacs, fiosrú, réasúnú, cumarsáid a dhéanamh, fadhbanna a cheapadh agus a réiteach go matamaiticiúil, agus a gcumas aeistéitice agus gnéithe cultúrtha na matamaitice a léirthuisicint, bíonn ról tábhachtach aige freisin maidir le cabhrú le scileanna a fhorbairt don fhoghlaim fadsaoil.

Cúraclam

I gcreatchúraclam [Phríomhréimse Foghlama an Oideachais Mhatamaitice](#) tá eolas ábhair atá eagraithe faoi shnáitheanna, scileanna inaistrithe, agus luachanna agus dearcthaí, agus leagann sé amach ar cheart don scoláire a fhoghlaim agus a fhorbairt i bPríomhréimse Foghlama an Oideachais Mhatamaitice. Tá trí shnáithe i gcuraclam éigeantach Matamaitice na céime sinsearaí meánscoile – Uimhreas agus Ailgéabar, Tomhais, Cruth agus Spás, agus Láimhseáil Sonraí. Tá Comhpháirt Bhreise i gceist le curaclam matamaitice na céime sinsearaí meánscoile chun críche freastal ar scoláirí a bhfuil riachtanais, spéiseanna agus claontachtaí éagsúla acu. Dearadh sin don scoláire a dteastaíonn níos mó eolais agus scileanna matamaiticiúla uaidh dá staidéir agus ghairm amach anseo ná mar a chuirtear ar fáil sa Chuid Éigeantach den churaclam. Roghnaíonn an scoláire tabhairt faoin gComhpháirt Éigeantach amháin nó faoin gComhpháirt Éigeantach chomh maith le ceann den dá mhodúl sa Chomhpháirt Bhreise:

- Modúl 1. Buneolas, Calcalas, agus Staitisticí agus leagtar béim ann ar úsáidí seachas ar dhéine mhatamaiticiúil. Soláthraíonn sé an scoláire le coincheapa iomasacha an chalcailais agus staitisticí.

Modúl 2. Buneolas, Ailgéabar, agus Calcalas agus leagtar béim ann ar thuiscint na matamaitice do dhul chun cinn breise i ndisciplíní a bhfuil claonadh matamaiticiúil iontu.

Príomhchéim		Líon na n-uaireanta (in imeacht 3 bliana)
KS4 (S4-6)	Comhpháirt Éigeantach	250 – 313
	Comhpháirt Éigeantach le modúl amháin	375

Tábla 3: Leithdháileadh ama le haghaidh chur i bhfeidhm an churaclaim matamaitice ag leibhéal iar-bhunscoile i nDiplóma Hong Cong

Measúnú agus Aitheantas

Le haghaidh na matamaitice, déantar an [measúnú](#) trí scrúduithe seachtracha i gcomhréir leis an gcreat measúnaithe le haghaidh HKDSE Mathematics, rud a fhoilsítear [ar líne](#). Is é Údarás Scrúdúcháin agus Measúnaithe Hong Cong (HKEAA) a shocraíonn agus a cheartaíonn na scrúduithe. Tuairiscítear feidhmíocht an scoláire ag leibhéal amháin as cúig leibhéal (1 – 5), mar arb é 5 an leibhéal is airde. Chun áit a fháil in institiúidí áitiúla tríú leibhéal, ní mór do scoláirí HKDSE leibhéal 2, ar a laghad, a ghnóthú sa Chomhpháirt Éigeantach den Mhatamaitic, chun íosriachtanais na gclár fochéime a chomhlíonadh.

Matamaitic Chlár Diplóma an Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI)

Comhthéacs

Is réamhchúrsa ollscoile dhá bhliain é Clár Diplóma (CD) an Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI), do scoláirí idir 16 agus 19 mbliana d’aois. Déanann scoláirí staidéar ar shé nó seacht n-ábhar: dhá theanga, ábhar de chuid na ndaonnachtaí nó na n-eolaíochtaí sóisialta, eolaíocht thurgnamhach amháin, an mhatamaitic, agus ábhar amháin de chuid na n-ealaíon cruthaitheach nó dhá ábhar as réimse acadúil eile. Is iondúil go ndéanfadh an scoláire trí ábhar (as na sé nó sé cinn) (agus ní níos mó ná ceithre cinn) ag an Ardleibhéal; déantar na hábhair eile ag an nGnáthleibhéal.

Roghnaíonn an scoláire [cúrsa matamaitice](#) amháin dá Chlár Diplóma as measc rogha de cheithre cinn:

- An Mhatamaitic: anailís agus cuir chuige LC (leibhéal caighdeánach) nó AL (ardleibhéal)
- An Mhatamaitic: feidhmiú agus léirmhíniú LC (leibhéal caighdeánach) nó AL (ardleibhéal)

Curaclam

Tá an dá chúrsa éagsúla Matamaitice CD ceaptha le bheith in oiriúint do na riachtanais, uaimhianta, spéiseanna agus inniúlachtaí éagsúla a bheadh ag scoláirí faoi leith:

1. I **Matamaitic CD: anailís agus cuir chuige**, aithnítear an gá atá le hardinniúlacht anailíseach i saol ina mbíonn an nuálaíocht ag brath níos mó agus níos mó ar thuiscint dhomhain ar an matamaitic. Díritear ar choincheapa tábhachtacha matamaiticiúla a fhorbairt ar bhealach intuigthe comhsheasmhach críochnúil.

2. I **Matamaitic CD: feidhmiú agus léirmhíniú**, aithnítear an ról méadaitheach a bhíonn ag an matamaitic agus ag an teicneolaíocht i raon ilchineálach de réimsí i saol a bhíonn lán sonraí. Cuimsíonn an cúrsa topaicí a bhaineann go traidisiúnta le cúrsa matamaitice réamh-ollscoile amhail an calcalas agus an staitistic.

Tá an réiteach fadhbanna lárnach freisin i dtaca le foghlaim na matamaitice sa dá chonair matamaitice de chuid an CD agus cuimsíonn sí sin scileanna agus coincheapa matamaiticiúla a shealbhú i réimse leathan de chásanna, lena n-áireofaí cásanna as an ngnáth, fadhbanna neamhiata agus fadhbanna fíorshaoil.

Éilíonn gach cúrsa matamaitice sa CD go mbeadh léirthuisint ag an scoláire ar úsáid na teicneolaíochta sa mhatamaitic agus go bhfaighidís oiliúint ar [áireamháin taispeána grafaí](#).

Leibhéal an Chúrsa	Inneachar an tsiollabais	Líon na n-uaireanta (in imeacht 2 bhliain)
LC	Uimhreas agus ailgéabar; feidhmeanna; céimseata agus triantánacht, staitistic agus dóchúlacht; calcalas	120
	Mionstaidéar, réiteach fadhbanna, samhaltú agus topaic taiscéalaíochta	30
AL	Uimhreas agus ailgéabar; feidhmeanna; céimseata agus triantánacht, staitistic agus dóchúlacht; calcalas	210
	Mionstaidéar, réiteach fadhbanna, samhaltú agus topaic taiscéalaíochta	30

Tábla 4: Leithdháileadh ama le haghaidh chur i bhfeidhm an churaclaim matamaitice ag leibhéal iar-bhunscoile i nDiplóma an BI

Measúnú agus Aitheantas

Déantar measúnú ar Chlár Diplóma an BI trí scrúdhpháipéir sheachtracha. Tá dhá pháipéar ann ag an Leibhéal Caighdeánach agus tá an tríú páipéar ann ag an Ardleibhéal ina mbíonn ceisteanna réitithe fadhbanna a mbaineann freagraí sínte leo. Is cur chuige critéar-bhunaithe é cur chuige an BI i leith an mheasúnaithe, ní measúnú de réir an noirm. Déantar breithniú ar obair an scoláire bunaithe ar a bhfeidhmíocht i gcoibhneas le leibhéal ghnóthachtála shainaitheanta, ní i gcoibhneas le hobair scoláirí eile.

Don scoláire Leibhéil Chaighdeánaigh agus don scoláire Ardleibhéil araon, tá tasc taiscéalaíochta ann a ndéantar measúnú inmheánach air, a dtéann 20% den mharc iomlán leis. Is bunchuid den chúrsa agus de mheasúnú an chúrsa é an tasc taiscéalaíochta seo, a meastar idir 10 agus 15 uair an chloig d'obair a bheith ag baint leis, agus tá sé riachtanach don uile scoláire. Is éard is aidhm leis ná a éascú don scoláire cur i bhfeidhm a chuid inniúlachtaí agus eolais a léiriú, agus iniúchadh a dhéanamh ar rud a mbeadh spéis phearsanta aige ann, gan na sriantachtaí ama ná aon sriantacht eile a bhaineann leis na scrúduithe scríofa a bheith ann. Déantar iniúchadh ar réimse den mhatamaitic agus leagtar an bhéim ar an gcumarsáid matamaiticiúil (lena n-áirítear foirmlí, léaráidí, graif, táblaí, srl.).

An Nua-Shéalainn

Comhthéacs

Is ábhar faofa í Matamaitic agus Staitistic chun críche [iontráil chuig an ollscoil](#) sa Nua-Shéalainn agus, mar atá amhlaidh leis na hábhair eile, ní mór d'aon scoláire a roghnaíonn í mar cheann de na trí ábhar fhaofa le haghaidh an NCEA 14 chreidiúint a bhaint amach san ábhar ag Leibhéal 3 (an leibhéal a bhaintear amach go hiondúil sa bhliain dheireanach den iar-bhunoideachas, Bliain 13).

Curaclam

Tá na [Cuspóirí Gnóthachtála](#) le haghaidh [Matamaitice agus Staitistice](#) le haghaidh Theastas Náisiúnta na Gnóthachtála Oideachasúla (NCEA) (80 creidiúint) (an cháilíocht shinsearach iar-bhunoideachais) leagtha amach faoi 8 leibhéal dhifriúla. Tá Matamaitic agus Staitistic sa NCEA bunaithe ar chúig '[Mhórsmaoineamh](#)' lena gceanglaítear 'Foghlaim Shuntasach' chun Maitrís Foghlama a dhéanamh. Fágann nádúr Matamaitice agus Staitistice mar ábhar gur minic forluí idir gnéithe den Foghlaim Shuntasach agus Mórsmaointe iolracha. Is iad na cúig Mhórsmaoineamh:

1. Eascaíonn smaointeoireacht chriticiúil agus ginearáluithe matamaiticiúla agus staitistiúla as nascadh/ceangal na mbreathnuithe, na n-eolas agus na bpróiseas éagsúil.
2. Éascaíonn an triail agus an taiscéalaíocht críochnúlacht, cruthaitheacht agus fiosrú na smaointe matamaiticiúla agus staitistiúla.
3. Sa Mhatamaitic agus Staitistic, spreagann comhroinnt agus fiosrú eolais argóintí loighciúla, fiosrúchán, anailís, agus cosaint smaointe, agus tacaíonn leis an mbreithmheas criticiúil agus le conclúidí réasúnaithe.
4. Is féidir coincheapa, patrúin agus coibhneasa matamaiticiúla agus staitistiúla a léiriú ar bhealaí iolracha.
5. Is féidir modhanna matamaiticiúla agus staitistiúla a úsáid chun fadhbanna a fhiosrú, a réiteach nó a shamhaltú, agus an scoláire meabhrach ar athrúchán, cinnteacht agus éiginnteacht.

I gcomhréir le [Struchtúr na Réimsí Foghlama](#) don Mhatamaitic agus Staitistic, tá na cuspóirí gnóthachtála leagtha amach ina dtrí shnáithe freisin: Uimhreas agus Ailgéabar, Céimseata agus Tomhas, agus Staitistic. Bítear ag súil le go mbeidh an scoláire in ann na naisc laistigh de agus idir na snáithí sin a aithint agus ciall a dhéanamh díobh.

Measúnú agus Aitheantas

Déanann scoláirí a roghnaíonn Matamaitic agus Staitistic mar ábhar amháin de na trí ábhar fhaofa don iontráil ollscoile le haghaidh Theastas Náisiúnta na Gnóthachtála Oideachasúla (NCEA) na 14 chreidiúint ar Leibhéal 3 a theastaíonn uathu a ghnóthú ó éagsúlacht de Chaighdeán Ghnóthachtála, a ndéantar measúnú inmheánach agus seachtrach orthu. Ag Leibhéal 3 den NCEA, tá 15 [Chaighdeán Gnóthachtála](#) ann don Mhatamaitic agus Staitistic, naoi gcinn acu a ndéantar measúnú inmheánach orthu; déantar measúnú seachtrach ar shé cinn (trí cinn don Mhatamaitic (Calcalas) agus trí cinn don Staitistic). Sa mheasúnú seachtrach, bíonn na fadhbanna bunaithe ar chomhthéacsanna fíorshaoil agus is trí scrúduithe, arna socrú ag Údarás Cáiliúcháin na Nua-Shéalainne (NZQA), a dhéantar é. Is i bhformáid páipéir amháin a bhíonn na scrúduithe ar fáil. Sin ráite, tá NZQA ag bogadh i dtreo gach measúnú seachtrach a thairiscint i bhformáid [dhigiteach](#). Féadann múinteoirí treoir a fháil freisin ó [Choinníollacha Measúnaithe](#) ar bhealaí iomchuí, agus ar na coinníollacha a bhaineann leo, chun fianaise a bhailiú le haghaidh na gcaighdeán a ndéantar measúnú inmheánach orthu, agus ar a chinntiú go mbíonn an fhianaise sin barántúil.

I gcás na gCaighdeán Gnóthachtála a ndéantar measúnú seachtrach orthu i Leibhéal 3, Calcalas agus Staitistic, tá leagtha amach sna [Sonraíochtaí Measúnaithe](#) gur gá do scoláirí áireamhán faofa a thabhairt leo, áireamhán grafta más féidir, chuig an scrúdú, agus go mbeidh aon scoláire nach mbeadh áireamhán grafta aige faoi mhíbhuntáiste. Tá leagtha amach sna sonraíochtaí freisin gur gá don scoláire tuiscint a léiriú ar choincheapa matamaiticiúla agus torthaí á gcur ar fáil aige.

Singepór

Comhthéacs

Is cúrsa dhá bhliain é Teastas Ginearálta Oideachais Ardleibhéil Shingepór-Cambridge ([GCE Ardleibhéil](#)), atá ailínithe go dlúth le curaclam scoile Shingepór. Is féidir le scoláirí a roghnú go gcuirfí faoi scrúdú iad in ábhair ag trí leibhéal staidéir – Ardleibhéal 1 (H1), Ardleibhéal 2 (H2), agus Ardleibhéal 3 (H3). Déantar na hábhair H3 mar shíneadh ar leibhéal H2 agus cuimsíonn sé seo staidéar níos grinne agus inneachar ar leibhéal níos airde. Roghnaíonn scoláirí, go hiondúil, trí ábhar Ardleibhéil GCE inneachar-bhunaithe ag leibhéal H2, aon ábhar inneachar-bhunaithe ag leibhéal H1, an teanga dhúchais ag leibhéal H1, agus an Páipéar Ginearálta (GP) ag leibhéal H1. Comhlánaíonn siad Obair Thionscadail freisin ag leibhéal H1. Ní mór dóibh ceann amháin ar a laghad de na ceithre ábhar inneachar-bhunaithe a roghnú ó dhisciplín chodarsnach, agus féadann scoláirí a bhfuil inniúlacht na hacadúlachta iontu ábhar breise H1 nó H2 a roghnú nó suas le dhá ábhar H3. Tá na hábhair Ardleibhéil GCE roinnte ina n-ábhair eolas-scileanna agus ábhair inneachar-bhunaithe. Cuimsíonn ábhair eolas-scileanna an Páipéar Ginearálta, Eolas agus Iniúchadh, agus Obair Thionscadail, agus tá na hábhair inneachar-bhunaithe roinnte i réimsí na dteangacha; na ndaonnachtaí agus na n-ealaíon; agus na matamaitice agus na n-eolaíochtaí.

Curaclam

Tá [Siollabas GCE Ardleibhéil H2 na Matamaitice](#) ceaptha chun scoláirí a ullmhú le haghaidh réimse de chúrsaí ollscoile lena n-áirítear an mhatamaitic, na heolaíochtaí, an innealtóireacht agus cúrsaí gaolmhara. Forbraítear an smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus scileanna réasúnaíochta atá riachtanach le haghaidh foghlaim bhreise sa mhatamaitic. Tríd an matamaitic a chur i bhfeidhm, forbraíonn an scoláire léirthuisicint freisin don mhatamaitic agus do na naisc idir í agus disciplíní eile agus leis an bhfíorshaol. Soláthraíonn [Matamaitic H3](#) léargas do na scoláirí sin ar mian leo tabhairt faoin matamaitic ag an ollscoil, ar chleachtas an mhatamaiticeora agus feistíonn iad leis an eolas agus na scileanna chun tuiscint a chur ar ráitis, cruthúnas agus réitigh mhatamaiticiúla agus iad a scríobh. [Matamaitic H1](#) a thugann bonnsraith sa mhatamaitic agus sa staitistic do scoláirí, rud a thacóidh lena gcuid staidéar sa ghnó nó sna heolaíochtaí sóisialta ag an ollscoil.

Measúnú agus Aitheantas

Tá GCE Ardleibhéil Shingepór-Cambridge á reáchtáil i gcomhpháirt ag Roinn Oideachais Shingepór, Bord Scrúdúcháin agus Measúnaithe Shingepór agus Sindeacáit Scrúduithe Áitiúla Ollscoil Cambridge, agus déantar an measúnú don GCE Ardleibhéil sa Mhatamaitic ar bhonn seachtrach. Déanann GCE Ardleibhéil na Matamaitice (H1, H2 agus H3) measúnú ar inniúlacht an scoláire i dtaca le trí Chuspóir Measúnaithe (AONna): AO1 Teicnící agus gnáthaimh mhatamaiticiúla a úsáid; AO2 Fadhbanna a cheapadh agus a réiteach lena n-áireofaí fadhbanna i gcomhthéacsanna fíorshaoil; AO3 Réasúnaíocht agus cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil.

Achoimre ar an gcuid seo

- I roinnt mhaith de na dlínsí a ndearnadh iniúchadh orthu, cuirtear conairí solúbtha ar fáil ar fud an chláir matamaitice ag barr na meánscoile, rud a thacaíonn leis an scoláire roghanna a dhéanamh ina chuid foghlama matamaitice a léireodh a chuid spéiseanna agus uailmhianta iarscolaíochta.
- Soláthraíonn go leor dlínsí deiseanna foghlama lena gcuirtear foghlaim faoi leith sa mhatamaitic ar fáil a bhíonn ag teastáil i réimse na tionsclaíochta agus san áit oibre, agus le haghaidh cúrsaí coláiste nó ollscoile.
- Leagtar béim sheasmhach ar fhorbairt dhearcthaí an scoláire i leith an réitithe fadhbanna agus obair an mhatamaiticeora. Ina theannta sin, díríonn roinnt mhaith dlínsí ar chur i bhfeidhm na foghlama agus ar naisc a chruthú leis an bhfíorshaol.
- Tá ról suntasach ag forbairt na scileanna smaointeoireachta criticiúla, réasúnaíochta agus cumarsáide matamaiticiúla i ngach dlínse.
- I mbunús na ndlínsí a fiosraíodh, bíonn béim ar a thábhachtaí atá sé an teicneolaíocht a úsáid chun an tuiscint choincheapúil a fheabhsú.
- Bíonn an measúnú ilghnéitheach, agus leagtar béim ar réimse de mhodhanna measúnaithe, agus cothromaíocht ann in go leor cásanna idir measúnú scoilbhunaithe agus seachtrach.

Ceisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu

Tá leagtha amach sa chuid seo roinnt ceisteanna ar gá machnamh a dhéanamh orthu agus sonraíocht nua le haghaidh Mhatamaitic na hArdteistiméireachta á forbairt. Tagann siad seo chun cinn ó nádúr an ábhair é féin, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo.

Leanúnachas agus dul chun cinn iomchuí

Tuairiscíonn scoileanna gurb é an dúshlán is mó a bhíonn ag múinteoirí ná bheith ag freastal ar an réimse éagsúil d'inniúlachtaí a bhíonn ag scoláirí agus iad ag teacht chun cinn ón tsraith shóisearach, rud a théann i bhfeidhm ar a gcumas coincheapa na matamaitice a theagasc go héifeachtach. Fágfar an scéal seo níos measa mar gheall ar an mbearna a bhraitear ó thaobh deacrachta de idir an tsraith shóisearach agus matamaitic na hArdteistiméireachta, mar aon le dáileadh na gcumas scoláirí ag an leibhéal níos airde mar gheall ar mhéadú ar líon na scoláirí a leanann an cúrsa Ardleibhéal ó thug an Lár-Oifig Iontrála pointí breise isteach. Agus an t-ábhar á athfhorbairt, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an réasúnaíocht atá le matamaitic na hArdteistiméireachta agus a chinntiú go soláthraíonn an tsonraíocht deiseanna rannpháirteachais iomchuí ag gach leibhéal. Ba cheart, chomh maith, go spreagfaí an scoláire leis an leibhéal iomchuí a roghnú, mar a bhfaighidh sé dúshlán réadúil agus a d'ullmhóidh é i gcomhair conairí todhchaí.

Nádúr na matamaitice a shonraítear ag gach leibhéal

Tairgeann go leor dlínsí oideachas matamaitice ag barr na hiar-bhunscoile a bhíonn saincheaptha le haghaidh dul chun cinn chuig an bhfoghlaim theicniúil agus ghairmiúil, chuig an ardoideachas, agus chuig láithreacha oibre. Maidir leis sin, ba cheart, le linn aon phlé, go ndéanfaí breithniú cúramach ar an inneachar matamaitice a shonrófaí ag gach leibhéal agus ar an ngaol idir gach ceann de na leibhéil. Mar shampla:

- An bhféadfadh an bonnleibhéal a bheith ina fhothacar den ghnáthleibhéal, mar a mbeadh fócas ar an matamaitic phraiticiúil a bheadh ábhartha do shaol an scoláire, rud a d'fhágfadh an t-ardleibhéal mar chúrsa neamhspleách lena n-ullmhófaí an scoláire le haghaidh conairí iar-scoile a bheadh dian ó thaobh na matamaitice de?
- Cén méid ba cheart d'inneachar an churaclaim gnáthleibhéal a bheith ag baint leis an gcuraclam ardleibhéal?
- Cad iad na himpleachtaí a bhaineann lena leithéid de roghanna deartha maidir le hoiriúnacht an churaclaim do riachtanais, inniúlachtaí agus spéiseanna na scoláirí a roghnódh a bheith ag staidéar ag gach leibhéal?

Nádúr an mheasúnaithe agus an chaoi a mbeadh sé comhtháthaithe leis an teagasc agus foghlaim

Tá réimse de chuir chuige i leith an mheasúnaithe le sonrú sna dlínsí éagsúla idirnáisiúnta lena ndéantar measúnú ar inniúlachtaí amhail úsáid na dteicnící agus gnáthamh matamaiticiúil; ceapadh

agus réiteach fadhbanna lena n-áireofaí fadhbanna i gcomhthéacsanna fíorshaoil agus réasúnaíocht agus cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil.

Léiríonn na léargais ó chuartheanna scoile buntáistí na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis i dtaca lena éascú don scoláire a chuid spéiseanna féin a fhiosrú, a chuid foghlama a léiriú agus an mhatamaitic a forbraíodh i gcaitheamh an staidéir a úsáid. Ní mór go ndéanfaí breithniú cúramach, le linn aon phlé ar nádúr na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, ar:

- An fhoghlaim sin a shainaithint nach féidir measúnú a dhéanamh uirthi sa scrúdú deiridh scríofa ach a thuillfeadh ualú de 40%.
- An chaoi a bhféadfaí an measúnú a chomhtháthú go héifeachtach leis an teagasc agus foghlaim, agus múinteoirí ag pleanáil chun inniúlachtaí an scoláire mar mhatamaiticeoir a fhorbairt go céimnitheach agus, san am céanna, iad ag freastal ar an bhfoghlaim sna torthaí foghlama den tsonraíocht.
- An tionchar ar struchtúr an chúrsa, ar inspreagadh an scoláire agus ar an aistriú idir leibhéal ós rud é go gcomhlánaítear í ag deireadh an 5ú bliain.

An teicneolaíocht dhigiteach agus ról TF

Is gné den fhoghlaim agus den mheasúnú í an teicneolaíocht ar fud na ndlínsí idirnáisiúnta. Glactar leis go bhfuil sé d'acmhainn ag an teicneolaíocht tacú le forbairt na hinniúlachta matamaiticiúla agus tá toilteanas léirithe ag múinteoirí sna scoileanna fócasghrúpa maidir leis an acmhainneacht sin a fhiosrú. Beidh gá, le linn an phlé, le breithniú a dhéanamh ar ról na teicneolaíochta i sonraíocht athfhorbartha agus ar na himpleachtaí bainteacha ó thaobh cur ar fáil acmhainní de.

Ailíniú beartais

Sna sála ar fhógairt an Aire i mí an Mhárta 2022, táthar tar éis obair a dhéanamh chun bacainní idir chláir a bhaint. Mar shampla, féadann an scoláire atá ag tabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí rochtain a fháil anois ar an matamaitic san Ardteistiméireacht Bhunaithe. De réir mar a rachfar chun cinn leis na moltaí i dtaca le conairí na sraithe sinsearaí, comhuaineach le hathfhorbairt Mhatamaitic na hArdteistiméireachta, beidh sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar cé acu a chuirfear rochtain ar fáil do gach scoláire ar an modúl reatha, Feidhmeanna Matamaiticiúla, san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, le go mbeifear in ann na himpleachtaí féideartha don churaclam Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal a mheas chomh luath agus is féidir.

Achoimre ar an gCuid seo

- Agus Matamaitic na hArdteistiméireachta á hathfhorbairt, tá sé éigeantach go ndéanfaí freastal ar an réimse éagsúil d'inniúlachtaí atá ag na scoláirí atá ag teacht ón tsraith shóisearach.
- Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar:
 - Réasúnaíocht an ábhair agus leithne na foghlama a shonrófaí ag gach leibhéal.
 - Nádúr na foghlama sa mhatamaitic a shonraítear ag gach leibhéal agus an gaol idir na leibhéil.
 - Fágann nádúr na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis, ionas gur féidir í a chomhlánú i dtreo dheireadh an 5ú bliain, agus, san am céanna measúnú iomchuí a dhéanamh ar an gcroí-fhoghlaim nach féidir a mheasúnú le scrúdú scríofa, go bhfuil an t-ualú atá aici tuillte aici.
 - Ról na teicneolaíochta i sonraíocht athfhorbartha.
 - Forbairtí beartais a bhaineann le conairí sa tsraith shinsearach.

Treoir don athbhreithniú ar an Matamaitic

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc a bhaineann le sonraíocht curaclaim a athfhorbairt do Mhatamaitic na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus faomhann an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Dearadh an treoir seo le bheith ina bunús leis athfhorbairt ar Mhatamaitic na hArdteistiméireachta. Cé go n-eascaíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheisteanna atá le meas agus a sainithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 3 ([Aguisín 1](#)).

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cailíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in [Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha](#) (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích faoin gcéad ráithe de 2026.

Go sonrach, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua i gcomhair na Matamaitice aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail agus le fíis oideachas na sraithe sinsearaí
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, ina measc sin an chaoi le nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar, agus cur léi, sa tsraith shóisearach, san Idirbhliain, agus in ábhair agus modúil eile de chuid na sraithe sinsearaí
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht scoláirí a ullmhú le haghaidh foghlaim amach anseo sa saol, staidéar, fiontraíocht agus breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, agus obair
- An réasúnaíocht atá le Matamaitic na hArdteistiméireachta, ag féachaint chuige go mbeidh sí trédhearcach agus gur léir é do scoláirí, do mhúinteoirí, agus do thuismitheoirí
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim theanga, a bheith iontach scoláire-lárnaithe agus béim shoiléir a bheith aici ar an mbealach a bhforbraíonn agus a léiríonn an scoláire a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh i gcomhair an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí lena n-áirítear na cinn sin atá ábhartha don Mhatamaitic amhail Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, Cumarsáid, Obair le daoine eile agus Bheith cruthaitheach
- Mar is féidir an t-idirdhealú a leabú sa tsonraíocht chun tacú de réir mar is cuí le hilchineálacht na scoláirí ó thaobh teagaisc, foghlama agus measúnú de
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt an uimhris, na litearthachta agus réimse de scileanna digiteacha a bheidh ábhartha don saol, don obair agus don staidéar amach anseo
- Nádúr na foghlama a shonraítear ag gach leibhéal chun freastal de réir mar is cuí ar na scoláirí sin go léir a dteastaíonn scileanna matamaitice atá riachtanach don saol uathu agus dóibh sin a dteastaíonn an mhatamaitic ar bhonn níos acadúla uathu
- An chaoi ar féidir socruithe measúnaithe a fhorbairt le haghaidh Mhatamaitic na hArdteistiméireachta a bheidh ailínithe leis na paraiméadair le haghaidh dheardh na socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 3 (Aguisín 1)
- Mar is féidir leis an CMB tacú le cumas gníomhúcháin múinteoirí agus scoláirí, ag tairiscint roghanna a thacódh le hionchuimsitheacht an churaclaim
- An gá atá le bheith ag plé le buarthaí múinteoirí maidir leis an ngaol idir an CMB agus an gnáth-theagasc ar bhonn laethúil sa seomra ranga tríd an CMB a chomhtháthú isteach sa ghnáthchleachtas sa seomra ranga
- An chaoi a bhfágann tabhairt isteach na comhpháirte measúnaithe 40% gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais an chúrsa chun an brú ar an scoláire a laghdú agus, san am céanna, an mhatamaitic atá riachtanach don saol a choimeád mar aon leis na coincheapa agus scileanna ar leibhéal níos airde a theastaíonn le haghaidh an bhreisoideachais agus an ardoideachais.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhorhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

Tagairtí

- An Roinn Oideachais, RO. (2023) Curaclam Matamaitice na Bunscoile [ar líne]. Ar fáil ar: [PrimaryMathematicsCurriculum_GA.pdf](#) [arna rochtain an 12 Iúil 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2013) Siollabas Matamaitice na hArdteistiméireachta [ar líne]. Ar fáil ar: [SCSEC25_Maths_syllabus_examination2015_gaeilge.pdf](#) [arna rochtain an 12 Iúil 2024]
- An Roinn Oideachais, RO. (2023) Creachuraclam na Bunscoile [ar líne]. Ar fáil ar: [2023-Primary-Framework-GA-screen-\(1\)](#) [arna rochtain an 8 Deireadh Fómhair 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2015) Creat don tSraith Shóisearach. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar: [gov.ie - An Creat don tSraith Shóisearach \(www.gov.ie\)](#) [arna rochtain an 18 Iúil 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2015) Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí don Mhatamaitic. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar: [Matamaitic-na-Sraithe-Soisearai-Sonraiocht.pdf](#) [arna rochtain an 18 Iúil 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2021) Sonraíocht Mhatamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ar: [Leaving-Certificate-Specification-Applied-Mathematics_GA.pdf](#) [arna rochtain an 8 Iúil 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2021) Sonraíocht Fheidhmeanna Matamaiticiúla na hArdteistiméireachta Feidhmí [ar líne]. Ar fáil ar: <https://curriculumonline.ie/getmedia/3af3d859-efb5-4172-9bde-7fc5ed7e9f68/LCA-Maths-GLE-FINAL.pdf> [arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2021) Sonraíocht le haghaidh Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta [ar líne]. Ar fáil ar: [LC-Computer-Science-specification-updated-as-Gaeilge.pdf](#) [arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2022) Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go 2027 [ar líne]. Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/8668db-none/?> (arna rochtain: 18 Iúil, 2024).
- An Roinn Oideachais, RO. (2022) Cothromas agus Sármhaitheas do Chách [ar líne]. Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriu-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/?> [arna rochtain an 2 Meán Fómhair 2024].
- An Roinn Oideachais, RO. (2022) Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go 2027 [ar líne]. Ar fáil: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/8668db-none/?> (arna rochtain an 12 Lúnasa, 2024).
- An Roinn Oideachais, RO. (2023) Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta [ar líne]. AAr fáil ar: www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/270733/9d77a9be-41ac-4494-887d-b1963c81cd0a.pdf#page=null [Arna rochtain an 26 Meán Fómhair 2024].

An Roinn Oideachais, RO. (2023) Tuairiscí Cigireachta [ar líne]. Ar fáil ar: https://www.gov.ie/en/school-reports/?school_roll_number=&report_title=&school_level=Post+Primary&inspection_type=Subject+Inspection&subject=Mathematics [arna rochtain an 12 Lúnasa 2024].

An Roinn Oideachais, RO. (2024) Ráiteas Chlár na hIdirbhliana [ar líne]. Ar fáil ar: [IB-Raiteas-an-Chlár-GA-INT.pdf](#) [arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2024].

Rialtas na hÉireann (2023) Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM go dtí 2026 [ar líne]. Ar fáil ar: <https://www.gov.ie/ga/eolas-polasai/653157-none/?> [arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2024]

Hong Kong Curriculum Development Council (2017) Mathematics Education: Key Learning Area Curriculum Guide (Primary 1 - Secondary 6) [ar líne]. Ar fáil ar: [ME KLACG_eng_2017_12_08.pdf \(edb.gov.hk\)](#) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

Hong Kong Curriculum Development Council agus Hong Kong Examinations and Assessment Authority, (HKEAA) (2017) *Mathematics Curriculum and Assessment Guide (Secondary 4 - 6)* [ar líne]. Ar fáil ar: [Contents \(edb.gov.hk\)](#) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

An Baccalauréat Idirnáisiúnta, (BI) (2023) Clár Dioplóma. DP Curriculum: Mathematics [ar líne]. Ar fáil: [Maths in the DP - International Baccalaureate® \(ibo.org\)](#) [arna rochtain an 15 Iúil 2024].

An Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI) (2023b) Exam Calculator Policy [ar líne]. Ar fáil ar: [Exam calculator policy - International Baccalaureate® \(ibo.org\)](#) [arna rochtain an 17 Iúil 2024].

An Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI) (gan dáta) International Baccalaureate Diploma Programme Subject Brief. Mathematics: analysis and approaches [ar líne]. Ar fáil ar: [subject-brief-dp-math-analysis-and-approaches-en.pdf \(ibo.org\)](#) [arna rochtain an 15 Iúil 2024].

An Baccalauréat Idirnáisiúnta (BI) (gan dáta) International Baccalaureate Diploma Programme Subject Brief. Mathematics: applications and interpretation [ar líne]. Ar fáil ar: [subject-brief-dp-math-analysis-and-approaches-en.pdf \(ibo.org\)](#) [arna rochtain an 15 Iúil 2024].

An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, NALA (2022) Financial Literacy in Ireland challenges and solutions [ar líne]. Baile Átha Cliath, NALA. Ar fáil ar: [NALA-Financial-Literacy-in-Ireland-2022-1.pdf](#) [arna rochtain an 15 Iúil 2024].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM (2005) Review of Mathematics in post-primary education [ar líne]. Baile Átha Cliath, CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/1829/review_of_mathematics_in_post-primary_education.pdf [arna rochtain an 15 Iúil 2024].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM (2022) Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach [ar líne]. Baile Átha Cliath, CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf [arna rochtain an 10 Iúil 2024].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM (2022) Plean Straitéiseach, 2022-2025 [ar líne]. Baile Átha Cliath, CNCM. Ar fáil ar: <https://ncca.ie/media/5517/plean-straitiseach-2022-2025.pdf> [arna rochtain an 10 Iúil 2024].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM (2024) Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach [ar líne]. Baile Átha Cliath, CNCM. Ar fáil ar: <https://ncca.ie/ga/acmhainni/priomhinniulachtai-sa-tsraith-shinsearach/> [Arna rochtain an 20 Meán Fómhair 2024].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM (2023) Foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha [ar líne]. Baile Átha Cliath, CNCM. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/6535/achoirme_fheidhmeach_foirm_theicniuil_sonraiochta%C3%AD_curaclaim_i_srath_shinsearach_athfhorbartha.pdf [Arna rochtain an 20 Meán Fómhair 2024].

Roinn Oideachais na Nua-Shéalainne (2024) Mathematics and Statistics [ar líne]. Ar fáil ar: [Mathematics and Statistics | NCEA \(education.govt.nz\)](https://www.education.govt.nz/mathematics-and-statistics/) [arna rochtain an 25 Iúil 2024].

Roinn Oideachais na Nua-Shéalainne (2014) The New Zealand Curriculum Online: Mathematics and Statistics [ar líne]. Ar fáil ar: [What is mathematics and statistics? / Mathematics and statistics / The New Zealand Curriculum / Kia ora - NZ Curriculum Online \(tki.org.nz\)](https://www.tki.org.nz/What-is-mathematics-and-statistics/) [arna rochtain an 28 Iúil 2024].

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (2024) About Digital External Assessment [ar líne]. Ar fáil ar: [About digital external assessment: NZQA](https://www.nzqa.govt.nz/about-digital-external-assessment/) [arna rochtain an 25 Iúil 2024].

ECFE (2023), "PISA 2022 Mathematics Framework", in *PISA 2022 Assessment and Analytical Framework* [ar líne]. OECD Publishing, Páras. Ar fáil ar: <https://doi.org/10.1787/7ea9ee19-en> [arna rochtain an 12 Lúnasa 2024].

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2024 Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2019-2024 [ar líne]. Ar fáil ar: <https://www.examinations.ie/statistics/> [arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2024].

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) (2015) Scrúdú na hArdteistiméireachta 2015, Matamaitic, Tuarascáil an Phríomhchigire [ar líne]. Baile Átha Luain, CSS. Ar fáil ar: <https://www.examinations.ie/misc-doc/EN-EN-53913274.pdf> [Arna rochtain an 20 Meán Fómhair 2024].

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) (2024) GCE A-Level [ar líne]. Ar fáil ar: [SEAB - GCE A-Level](https://www.seab.gov.sg/gce-a-level/) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) (2023) Guidelines on the Use of Electronic Calculators in National Examinations [ar líne]. Ar fáil ar: [GUIDELINES ON THE USE OF ELECTRONIC CALCULATORS IN NATIONAL EXAMINATIONS \(seab.gov.sg\)](https://www.seab.gov.sg/guidelines-on-the-use-of-electronic-calculators-in-national-examinations/) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) agus Cambridge Assessment International Education (2023a) Singapore–Cambridge General Certificate of Education Advanced Level Higher 1 (2025) Mathematics (Syllabus 8865) [ar líne]. Ar fáil ar: [Singapore-Cambridge H1 A Level 8865 Mathematics syllabus for examination in 2025 \(seab.gov.sg\)](https://www.seab.gov.sg/syllabus-for-examination-in-2025/) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) agus Cambridge Assessment International Education (2023b) Singapore–Cambridge General Certificate of Education Advanced Level Higher

2 (2025): Mathematics (Syllabus 9758) [ar líne]. Ar fáil ar: [Singapore-Cambridge H2 A Level 9758 Mathematics syllabus for examination in 2025 \(seab.gov.sg\)](#) [arna rochtain 27 Iúil 2024].

Singapore Examinations and Assessment Board (SEAB) agus Cambridge Assessment International Education (2023c) Singapore–Cambridge General Certificate of Education Advanced Level Higher 3 (2025) Mathematics (Syllabus 9820) [ar líne]. Ar fáil ar: [Singapore-Cambridge H3 A Level 9820 Mathematics syllabus for examination in 2025 \(seab.gov.sg\)](#) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

UCAS (2016) Hong Kong Diploma of Secondary Education (HKDSE) [ar líne]. Ar fáil ar: [Hong Kong Diploma of Secondary Education \(HKDSE\) | UCAS Qualification Information Profiles](#) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

UCAS (2019) Singeapór: Singapore-Cambridge GCE A Level [ar líne]. Ar fáil ar: [Singapore: Singapore-Cambridge GCE A level | UCAS Qualification Information Profiles](#) [arna rochtain an 27 Iúil 2024].

Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 3.

1. Achoimre feidhmiúcháin

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. Go sonrach, beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
- Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
- Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
- Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar an scoláire a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

2. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 3, ina measc:

- Eolaíocht Talmhaíochta
- Ríomheolaíocht
- Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
- Stair
- Eacnamaíocht Bhaile
- Matamaitic
- Ceol
- Fisic agus Ceimic.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 1 agus 2 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin

a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhphárteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhphárteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta.
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad.
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhphárteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúdaithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil don scoláire agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama an scoláire agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmitheacha a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar an scoláire a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht measúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn an múinteoir leis an scoláire agus é ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lena féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraiteann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhphárteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar an scoláire
- róchleachtadh ar mheasúnuithe

- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socrúithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar an scoláire go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúil uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

3. Próiseas

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.
4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.
 - a) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar an scoláire a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn CMB amháin agus scrúdú scríofa amháin.

NÓ

- b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar an scoláire a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.
5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
 6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltáí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.

7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

4. Amlínte

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 3.

Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 3

Údair Mhachnaimh	Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú.
Cineál	<p>Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tionscadal taighde/aiste fhada • measúnú ó bhéal • measúnú feidhmíochta • measúnú punainne • déantán a chruthú • staidéar allamuigh • turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil. <p>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar an scoláire a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith torthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh.</p>

Ualú	Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar.
Am	Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir.
Cur i gCrích agus Cur Isteach	<p>Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar an scoláire go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais.</p> <p>Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. (Féach tábla 1 thíos i ndáil leis an Matamaitic freisin)</p>
Dearadh	<p>Is éard a bheidh mar thoradh ar fhorghór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS.</p> <p>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú.</p>
Treoir	<p>Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonracha do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi. • an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist. • tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeán mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe. • mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú). • treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar.

Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 3

Ábhar	Na socruithe reatha	Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua
Eolaíocht Talmhaíochta	<p>Maireann scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig don scoláire ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 300 den 400 marc atá ar fáil (75%) air.</p> <p>Staidéar Imscrúdaithe Aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomónta ó CSS agus is fiú 100 marc é (25%).</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p>
Ríomheolaíocht	<p>Is fiú 70% an scrúdú deiridh agus maireann sé 2.5 uair an chloig; bíonn sé ar siúl in aon lá amháin i dtreo dheireadh mhí na Bealtaine. Tá gné pháipéarbhunaithe leis (1.5 uair an chloig; 130 marc) agus gné ríomhaire-bhunaithe ina dhiaidh sin (1 uair an chloig; 80 marc).</p> <p>Is fiú 30% de na marcanna deiridh an obair chúrsa. Eisítear an treoir chomónta i mí na Nollag sa 6ú bliain de ghnáth agus is iondúil go gcuirtear tuarascáil agus físeán achoimre (90 marc) isteach i mí an Mhárta sa 6ú bliain. Cuirtear an méid sin i gcrích le linn tréimhse 10 seachtaine.</p> <p>Leagtar amach an obair chúrsa agus phraiticiúil ar leibhéal comónta ach déantar iad a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa.</p> <p>Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p>
Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide	<p>Tá páipéar amháin ag an scrúdú scríofa ar fiú 240 marc é, is é sin 60% de na marcanna atá ar fáil.</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p>

	<p>Maireann an páipéar sin 3 uair an chloig ar fad.</p> <p>Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Is fiú 160 marc tasc an scoláire agus seasann sin do 40% de na marcanna atá ar fáil.</p> <p>Bíonn difríocht idir tasc an scoláire ag an ardleibhéal agus tasc an scoláire ag an ngnáthleibhéal, agus leagtar amach treoir dhifriúil do scoláirí AL agus GL. Tá gá le naoi n-aschur i bpunann don dá leibhéal agus tá an teorainn leathanach AL socraithe ag 14 leathanach agus an teorainn leathanach GL socraithe ag 12 leathanach.</p>	<p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p>
Stair	<p>Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 50 nóiméad ar fad.</p> <p>Tuairisc Staidéir Taighde (TST) atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. Bíonn líon focal difriúil ann don scoláire AL agus GL, agus tá an líon focal GL leagtha síos ag 800 focal agus tá an líon focal AL leagtha síos ag 1,600 focal.</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p>
Eacnamaíocht Bhaile	<p>Maireann an scrúdú scríofa 2 uair an chloig agus 30 nóiméad agus is fiú 280 nó 320 marc (as 400 marc) é, ag brath ar an gcúrsa roghnach a roghnaítear.</p> <p>I gcás an scoláire a roghnaíonn na cúrsaí roghnacha Dearadh agus Bainistíocht Tí nó Staidéir Shóisialta, is fiú 80% an scrúdú scríofa agus is fiú 20% an Obair Chúrsa do Staidéir Bia.</p> <p>I gcás an scoláire a roghnaíonn an cúrsa roghnach Teicstílí, Faisean</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.</p>

	<p>agus Dearadh, is fiú 70% an scrúdú scríofa; is fiú 20% an Obair Chúrsa do Staidéar Bia agus sanntar 10% d'Obair Chúrsa TFD.</p> <p>Tá Obair Chúrsa do Staidéar Bia bunaithe ar cheithre thasc a chuirtear i gcrích faoi thús mhí na Samhna sa 6ú bliain agus a chuirtear faoi bhráid CSS.</p>	
Matamaitic	<p>Is ann do dhá pháipéar scríofa ar fiú cionroinnt iomlán na marcanna iad.</p> <p>Páipéar 1: Maireann an páipéar do AL, GL agus BL 2.5 uair an chloig ar fad.</p> <p>Páipéar 2: Maireann an páipéar AL agus GL 2.5 uair an chloig ar fad.</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Beidh an scrúdú scríofa leagtha síos ag ardleibhéal, gnáthleibhéal agus bonnleibhéal agus bheadh coinne leis gur páipéar amháin a bheadh ann.</p> <p>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. Tá an chomhpháirt mheasúnaithe le cur i gcrích i mBliain 1 den chlár dhá bhliain.</p>
Ceol	<p>Is ann do thrí réimse measúnaithe:</p> <p>Is fiú 25% an ghné chumadóireachta agus déantar measúnú uirthi le páipéar scríofa a mhaireann 1.5 uair an chloig ar fad.</p> <p>Is fiú 25% an ghné léirithe agus déantar measúnú uirthi le léiriúchán 3 nó 4 phíosa, ag brath ar roghnú formáide léiriúcháin amháin nó péire.</p> <p>Is fiú 25% an ghné éisteachta agus déantar measúnú uirthi le cluas-scrúdú agus páipéar scríofa a mhaireann 1.5 uair an chloig ar fad.</p> <p>An Cúrsa Roghnach AL: Roghnaíonn an scoláire AL ceann amháin de na trí réimse thuas agus socraíonn sé cionroinnt na marcanna a mhéadú chuig 50% trí ghníomhaíocht mheasúnaithe bhreise a áireamh.</p>	<p>An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.</p> <p>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.</p> <p>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</p> <p>Beidh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar threoir a eiseoidh CSS.</p>

	I gcás an scoláire gnáthleibhéil, déantar a mharc is fearr i réimse amháin as trí réimse a dhúbailt chun cionroinnt marcanna 100% a bhaint amach.	
Fisic agus Ceimic	Is fiú cionroinnt marcanna iomlán 400 marc an scrúdú scríofa ag AL agus GL. Páipéar 3 uair an chloig. Cuid 1 Fisic ar fiú 200 marc í. Cuid 2 Ceimic ar fiú 200 marc í.	An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth. An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad. Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta.

Cé nach mór ualú íosta 40% a bheith ag CMB i ngach ábhar; féadfaidh SDG ualú 50% a mholadh. Sna himthosca sin, beidh feidhm ag an bpróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas i gCuid 3 chun a chinneadh an dtugtar tuilleadh breithnithe ar an ualú sin i dtaobh cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm é. Ní bheifí ag súil leis go bhféachfadh SDG le hualú a chur i bhfeidhm ar an CMB os cionn an leibhéil sin.



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment